25ú BEALTAINE 2018

# TÁ CUMHACHT LE DO VÓTA

## AN TREOIRLEABHAR NEAMHSPLEÁCH AR AN REIFREANN MAIDIR LE FOIRCEANNADH TOIRCHIS A RIALÁIL

An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission

# An Coimisiún Reifrinn

Comhlacht neamhspleách is ea an Coimisiún Reifrinn a bunaíodh faoi Acht an Reifrinn 1998. Is é an ról atá aige faisnéis neodrach agus neamhchlaonta a chur ar fáil don phobal roimh reifreann ar thogra chun an Bunreacht a leasú.

**Is iad comhaltaí an Choimisiúin:**

- An Breitheamh Onórach Isobel Kennedy (*an Cathaoirleach*)
- An tUasal Seamus McCarthy (*an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*)
- An tUasal Peter Tyndall (*an tOmbudsman*)
- An tUasal Peter Finnegan (*Cléireach Dháil Éireann*)
- An tUasal Martin Groves (*Cléireach Sheanad Éireann*)

**An Coimisiún Reifrinn**
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, Éire
**Teileafón:** 01 639 5695

**Íosghlao:** 1890 270 970
**Ríomhphost:** refcom@refcom.ie
**Suíomh gréasáin:** www.refcom2018.ie

@RefCom_ie    facebook.com/referendumcommission

Is féidir an foilseachán seo a íoslódáil ónár suíomh gréasáin www.refcom.ie. Tá sé ar fáil i mBraille, ar Dhlúthdhiosca agus i bhformáid téacs mhóir ó Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI). Tá sé ar fáil chomh maith i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ar shuíomhanna gréasáin Chumann Bodhar na hÉireann (www.irishdeafsociety.ie) agus DeafHear (www.deafhear.ie).

# Réamhrá

Ar an Aoine, an 25 Bealtaine 2018, iarrfar ort vóta a chaitheamh ar thogra chun Bunreacht na hÉireann a athrú. Baineann an t-athrú atá beartaithe ar an mBunreacht le foirceannadh toirchis a rialáil.

Ciallaíonn Airteagal 40.3.3 den Bhunreacht, mar atá léirmhínithe ag an gCúirt Uachtarach, nach bhfuil sé dlíthiúil toircheas a fhoirceannadh ach amháin i gcás go gcruthaíonn an toircheas baol réadach substaintiúil do bheatha na máthar. Áirítear anseo baol an fhéinmharaithe.

Is é an togra ar an 25 Bealtaine Airteagal 40.3.3 den Bhunreacht a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur isteach ina áit:

> *"Féadfar socrú a dhéanamh le dlí chun foirceannadh toirchis a rialáil."*

Is é an tOireachtas a dhéanann dlíthe. Níltear ag iarraidh ort sa reifreann seo vóta a chaitheamh ar aon dlí ar leith a bhaineann le foirceannadh toirchis.

Tá an Bunreacht tábhachtach. Is é dlí bunúsach an Stáit é. Is leatsa an Bunreacht agus is agatsa amháin atá an chumhacht chun é a athrú. Is fútsa cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a gcaithfidh tú do vóta. Molann an Coimisiún Reifrinn duit tú féin a chur ar an eolas faoin athrú atá beartaithe ar an mBunreacht agus do vóta a úsáid. Mura gcaithfidh tú vóta, déanfaidh daoine eile an cinneadh.



Sa treoirleabhar seo, mínímid an dlí reatha, déanaimid cur síos ar an athrú atá beartaithe, agus mínímid an tionchar dlíthiúil a bheadh ag vóta Tá agus an tionchar dlíthiúil a bheadh ag vóta Níl. Tá faisnéis níos mionsonraithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin **www.refcom2018.ie**.

Ní dhéantar argóint sa treoirleabhar seo ar son vóta Tá ná Níl, ach molaimid go láidir duit vóta a chaitheamh.

**Isobel Kennedy**
An Cathaoirleach
An Coimisiún Reifrinn

# Staid reatha an dlí in Éirinn i ndáil le foirceannadh toirchis

Is é an tOireachtas a dhéanann dlíthe. Is éard atá san Oireachtas ná an Dáil, an Seanad agus an tUachtarán.

Ní mór do dhlíthe a dhéanann an tOireachtas cloí leis an mBunreacht. Leagtar bundlíthe an Stáit síos sa Bhunreacht. Má dhéantar agóid dhlíthiúil in aghaidh dlíthe, féadfaidh na cúirteanna athbhreithniú a dhéanamh orthu. Féadfaidh na cúirteanna a dhearbhú go bhfuil dlí neamhbhailí má tá sé ar neamhréir leis an mBunreacht. Ní féidir an Bunreacht a athrú ach de réir bhreith an phobail i reifreann.

Tagann staid reatha an dlí in Éirinn i ndáil le foirceannadh toirchis ó fhorálacha sa Bhunreacht, cinntí cúirte inar léirmhíníodh na forálacha sin, agus dlíthe a ritheadh san Oireachtas.

**CUIREADH AIRTEAGAL 40.3.3** isteach sa Bhunreacht mar thoradh ar reifreann in 1983. San Airteagal, admhaítear ceart na mbeo gan breith chun a mbeatha agus go bhfuil comhcheart ag an máthair chun a beatha. Chinn an Chúirt Uachtarach le déanaí gurb é sin an t-aon cheart bunreachtúil atá ag an mbeo gan bhreith.

› **IN 1992,** léirmhínigh an Chúirt Uachtarach an tAirteagal i gcás ar ar tugadh "cás X". Chinn an Chúirt go gciallaíonn an tAirteagal nach gceadaítear foirceannadh toirchis ach amháin i gcás go bhfuil baol réadach substaintiúil ann do bheatha na máthar, lena n-áirítear baol an fhéinmharaithe.

› **IN 1992,** cuireadh dhá phíosa breise le hAirteagal 40.3.3 trí reifrinn. Soiléiríodh iontu sin nach dteorannaíonn an tAirteagal saoirse chun taisteal, ná nach dteorannaíonn sé saoirse chun faisnéis a fháil nó a chur ar fáil maidir le seirbhísí atá ar fáil go dleathach i stát eile, ach sin faoi chuimsiú cibé coinníollacha a fhéadfar a leagan síos le dlí.

› **IN 1995,** rith an tOireachtas dlí ag rialáil soláthar faisnéise maidir le foirceannadh toirchis taobh amuigh den Stát.

› **IN 2013,** rith an tOireachtas an tAcht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis. Rialaítear ann foirceannadh toirchis i gcás go bhfuil baol réadach substaintiúil ann do bheatha na mná.

Is é an seasamh dlíthiúil reatha, dá bhrí sin, nach bhfuil sé dleathach toircheas a fhoirceannadh ach i gcás go bhfuil baol réadach substaintiúil ann do bheatha na máthar, lena n-áirítear baol an fhéinmharaithe. Déantar é seo a chinneadh de réir Acht 2013. Seachas sin, is cion coiriúil é beatha dhaonna gan breith a dhíothú d'aon ghnó.

# An t-athrú atá á bheartú:

**Ar an 25 Bealtaine 2018, iarrfar ort cibé acu atá nó nach bhfuil tú ag iarraidh Airteagal 40.3.3 den Bhunreacht mar atá faoi láthair a scriosadh agus Airteagal nua a chur ina áit.**

### Airteagal 40.3.3 mar atá FAOI LÁTHAIR

Admhaíonn an Stát ceart na mbeo gan breith chun a mbeatha agus, ag féachaint go cuí do chomhcheart na máthar chun a beatha, ráthaíonn sé gan cur isteach lena dhlíthe ar an gceart sin agus ráthaíonn fós an ceart sin a chosaint is a shuíomh lena dhlíthe sa mhéid gur féidir é.

Ní theorannóidh an fo-alt seo saoirse chun taisteal idir an Stát agus stát eile.

Ní theorannóidh an fo-alt seo saoirse chun faisnéis a fháil nó a chur ar fáil sa Stát maidir le seirbhísí atá ar fáil go dleathach i stát eile ach sin faoi chuimsiú cibé coinníollacha a fhéadfar a leagan síos le dlí.

### Airteagal 40.3.3 nua mar atá Á BHEARTÚ

Féadfar socrú a dhéanamh le dlí chun foirceannadh toirchis a rialáil.

| | |
|---|---|
| X | Tá<br>Yes |

# An tionchar dlí a bheidh ag vóta TÁ

Más vóta 'Tá' a chaitheann an tromlach, ceadóidh sé sin don Oireachtas dlíthe a rith a rialóidh foirceannadh toirchis. Ní gá do na dlíthe infhaighteacht foirceanta a theorannú do chúinsí ina bhfuil baol réadach substaintiúil ann do bheatha na máthar. Féadfaidh an tOireachtas aon dlí a athrú. Má dhéantar agóid dhlíthiúil in aghaidh aon dlí, féadfaidh na cúirteanna a dhearbhú go bhfuil sé neamhbhailí má tá sé ar neamhréir leis an mBunreacht.

Más vóta 'Tá' a chaitheann an tromlach, fanfaidh an dlí reatha i bhfeidhm, lena n-áirítear an dlí maidir le taisteal agus faisnéis, mura n-athraítear é agus go dtí go n-athraítear é le dlí nua nó mura gcinneann agus go dtí go gcinneann na cúirteanna go bhfuil sé neamhbhailí.

| | |
|---|---|
| X | Níl<br>No |

# An tionchar dlí a bheidh ag vóta NÍL

Más vóta 'Níl' a chaitheann an tromlach, fanfaidh Airteagal 40.3.3 mar atá faoi láthair i bhfeidhm gan athrú. Ní fhéadfar dlíthe a rith chun foráil a dhéanamh d'fhoirceannadh toirchis ach amháin i gcás go bhfuil baol réadach substaintiúil ann do bheatha na máthar, lena n-áirítear baol an fhéinmharaithe. Féadfaidh an tOireachtas aon dlí a athrú. Má dhéantar agóid dhlíthiúil in aghaidh aon dlí, féadfaidh na cúirteanna a dhearbhú go bhfuil sé neamhbhailí má tá sé ar neamhréir leis an mBunreacht.

Fanfaidh na forálacha bunreachtúla maidir le saoirse chun taisteal agus faisnéis mar atá siad faoi láthair.

# Conas vótáil

Beidh na stáisiúin vótaíochta ar oscailt
**ó 7am go dtí 10pm ar an 25 Bealtaine.**

Sula dtagann an lá vótaíochta, **ba cheart go bhfaighfeá cárta vótaíochta sa phost** a inseoidh duit cén stáisiún vótaíochta ar cheart duit do vóta a chaitheamh ann. Mura bhfaigheann tú cárta vótaíochta, tá tú fós i dteideal vóta a chaitheamh fad is go bhfuil tú ar an gclár toghthóirí. Féadfaidh tú an clár sin a sheiceáil ag **checktheregister.ie**.

Ní gá duit do chárta vótaíochta a bheith agat agus tú ag dul ag vótáil. Ach **ba cheart duit doiciméad céannachta pearsanta bailí éigin a thabhairt leat**, amhail pas, ceadúnas tiomána, cárta seirbhísí poiblí, cárta céannachta fostaí a bhfuil grianghraf air, cárta céannachta mic léinn a bhfuil grianghraf air, cáipéis taistil ar a bhfuil d'ainm agus grianghraf, nó leabhar bainc nó coigiltis nó comhair creidmheasa ar a bhfuil d'ainm agus do sheoladh sa toghcheantar. Glacfar freisin le seicleabhar, seic-chárta, cárta creidmheasa, teastas breithe nó teastas pósta, fad is go mbíonn cáipéis eile agat a dheimhníonn do sheoladh sa toghcheantar. B'fhéidir nach n-iarrfaí cruthúnas céannachta ort ach má iarrtar ort é, caithfidh tú é a thaispeáint.

Feicfidh tú páipéar ballóide samplach ar an gcéad leathanach eile.

**Beidh tú ag caitheamh vóta i dtaobh an dtoilíonn tú nó nach dtoilíonn tú leis an mBille um an Séú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht.**

Déanfaidh tú vótáil trí 'X' a mharcáil sa bhosca 'Tá' nó sa bhosca 'Níl', ag brath ar an tslí is mian leat vótáil. Ná marcáil ach bosca amháin nó ní bheidh feidhm le do vóta. Ná marcáil aon chuid eile den pháipéar ballóide.

# PÁIPÉAR BALLÓIDE SAMPLACH

**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an Séú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht, 2018

Thirty-sixth Amendment of the Constitution Bill 2018

SAMPLE

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**
Place a mark in **one square only**

**Má thoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo ............. | | **Tá**
If you **approve**, mark X in this square ................. | | **Yes**

**Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo ........... | | **Níl**
If you do **not approve**, mark X in this square......... | | **No**

Beidh na stáisiúin vótaíochta ar oscailt **ó 7am go dtí 10pm ar an 25 Bealtaine**